Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6234/22**

**LIMITE**

**JAI 230**
**SCHENGEN 21**
**FRONT 65**
**MIGR 48**
**COSI 55**
**SAN 111**
**COMIX 74**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachas polaitiúil Schengen |

Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí gnóthaí baile an 3 Feabhra in Lille, fuair an togra ón Uachtaránacht maidir le 'Comhairle Schengen' a chur ar bun tacaíocht fhorleathan. Cothóidh Comhairle Schengen muinín idir Ballstáit Schengen. Soiléiríodh na socruithe le haghaidh rialachas polaitiúil agus oibríochtúil níos struchtúrtha ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Straitéiseach um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA) an 16 Feabhra. Agus na moltaí a rinne na Ballstáit á gcur san áireamh aici, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na pointí seo a leanas.

**Comhairle Schengen**

Mar a chomhaontaigh na hairí in Lille, is gá, anois níos mó ná riamh, feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir stiúradh polaitiúil limistéar Schengen agus an leibhéal oibríochtúil. Chuige sin, d'fhéadfadh an Chomhairle Gnóthaí Baile, i bhformáid an Choiste Mheasctha, forbairt chun an creat institiúideach a chur ar fáil do Chomhairle Schengen.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe gurb í Comhairle Schengen an fóram is ábhartha le haghaidh malartú tuairimí a bhfuil géarghá leis ar an leibhéal polaitiúil maidir leis na hathchóirithe leanúnacha agus maidir leis na gnéithe oibríochtúla is straitéisí.

Molann an Uachtaránacht go dtionólfaí Comhairle Schengen tráth gach cruinniú den Chomhairle CGB agus, más gá, i gcás géarchéime.

D'eagrófaí na cruinnithe ar bhealach lena gceadófaí an méid seo a leanas:

– an treoir pholaitiúil leathan do limistéar Schengen a phlé;

– an staid i limistéar Schengen a scrúdú, bunaithe ar scórchlár ('baraiméadar') – féach thíos;

– na hionstraimí ábhartha a shlógadh agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a bhfuil tionchar acu ar limistéar Schengen a shainiú;

– na deacrachtaí sistéamacha os comhair na mBallstát a phlé, mar a sainaithníodh iad le linn meastóireachtaí Schengen go háirithe, agus féachaint ar na bealaí chun aghaidh a thabhairt orthu;

– dea-chleachtas a mhalartú;

– na treoirlínte maidir le gníomhaíocht Frontex a bhunú uair sa bhliain ar a laghad.

Ina theannta sin, déanfaidh na hairí scrúdú bliantúil ar staid Schengen, bunaithe ar thuarascáil ón gCoimisiún agus ar scórchlár níos mionsonraithe.

**Scórchlár ('baraiméadar') a bhunú maidir leis an staid i limistéar Schengen**

Go dtí seo, níl aon táscairí soiléire aonfhoirmeacha ann lena dtugtar forléargas cuimsitheach ar an staid i limistéar Schengen.

PUBLIC

Trí scórchlár simplithe a fhorbairt (‘baraiméadar’), tabharfar forléargas do na hairí ar an staid i limistéar Schengen. Pléadh na gnéithe éagsúla den bharaiméadar sin ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí CGB a bhí ar siúl an 3 Feabhra agus ag an gcruinniú a bhí ag SCIFA an 16 Feabhra. Tá sé beartaithe go gcumhdófaí cúig réimse leis, ina mbeadh roinnt táscairí arna n-eascairt ó shonraí na ngníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha (Frontex, EUAA, Europol, EU-LISA) agus ón gCoimisiún:

– an staid ag na teorainneacha seachtracha;

– staid na himirce laistigh den Aontas Eorpach;

– an tsliándáil inmheánach;

– rioscaí sláinte;

– an staid ag na teorainneacha inmheánacha.

Bheadh na saincheisteanna a sainaithníodh mar bhonn don phlé i gComhairle Schengen. Tá an scórchlár ceaptha a bheith ina uirlis faisnéise do na hairí. Tá sé beartaithe plé a éascú ar bhonn torthaí oibiachtúla comhchoiteanna.

Tíolacfaidh an Coimisiún Eorpach an chéad bharaiméadar ag an gcruinniú a bheidh ann an 3 Márta. Leanfaidh an baraiméadar de bheith ina uirlis dhinimiciúil a mbeidh na Ballstáit in ann rannchuidiú léi agus a d’fhéadfadh a fhorbairt ina dhiaidh sin.

Tá sé beartaithe go dtíolacfar baraiméadar Schengen trí huaire sa bhliain. Cuirfear ar fáil é in am trátha chun go mbeifear in ann plé i gComhairle Schengen a ullmhú ar bhealach cuí (is é an aidhm atá ann é a tharchur chuig na Ballstáit agus chuig na tíortha comhlachaithe 2 sheachtain ar a laghad roimh chruinniú Chomhairle Schengen). I bhfianaise an ábhair atá ann, cuirfidh an Uachtaránacht nóta gearr faoi bhráid COREPER chun na hábhair shonracha a shainaithint ar a bhféadfadh na hairí an plé a dhíriú. Cuirfear an baraiméadar i gceangal leis an nóta seo.

Le linn Chomhairle Schengen, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na n-airí maidir le staid Schengen, lenar cheart go mbeadh Comhairle Schengen in ann an treoir pholaitiúil agus aon chinntí is gá i gcomhair dhea-fheidhmiú limistéar Schengen a chinneadh.

Ina theannta sin, sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún, ar doiciméad níos cuimsithí í agus a mbeidh scórchlár ag gabháil léi, tíolacfar staid níos mionsonraithe maidir le feidhmiú limistéar Schengen agus cuirfidh sí le plé bliantúil na n-airí freisin.

PUBLIC

**Comhordaitheoir Schengen**

Tá buaine agus freagrúlacht shocruithe Chomhairle Schengen bunriachtanach. Chun an méid sin a áirithiú, d'fhéadfaí an ról 'Comhordaitheoir Schengen' a bhunú, le tacaíocht ó fhoireann chomhordúcháin ar an leibhéal oibríochtúil agus ar an leibhéal teicniúil. Ar mhaithe le comhleanúnachas, ba é ról an chomhordaitheora, agus é ag tógáil ar na hacmhainneachtaí atá ann cheana, cuidiú le doiciméid a ullmhú do Chomhairle Schengen agus leis an obair leantach ar na bearta agus na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi chuimsiú Chomhairle Schengen. Bheadh ról ríthábhachtach ag an gcomhordaitheoir freisin i gcás géarchéim ag na teorainneacha seachtracha, chun freagairt Eorpach chomhréireach iomchuí a áirithiú ar gach leibhéal.

Tar éis plé a rinneadh roimhe seo, moltar go n-eagrófaí an sásra mar seo a leanas:

– faoi mar a dhéantar le foirmíochtaí uile na Comhairle, is é Coreper, ag teacht le chéile dó i bhformáid an Choiste Mheasctha, a dhéanfaidh na hullmhúcháin do Chomhairle Schengen;

– beidh 'Comhordaitheoir Schengen', i seirbhísí an Choimisiúin, freagrach as an mbaraiméadar a ullmhú go rialta agus cuideoidh sé leis an obair leantach maidir le gníomhaíochtaí ar an leibhéal Eorpach arna gcinneadh ag cruinnithe Chomhairle Schengen;

– oibreoidh an Comhordaitheoir i ndlúthchomhar le hUachtaránacht rothlach na Comhairle agus le hArdrúnaíocht na Comhairle chun cruinnithe de chuid Chomhairle Schengen a ullmhú go cuí agus chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

**Ardán dlúthpháirtíochta i gcás géarchéim ag an teorainn sheachtrach**

Tá staideanna éigeandála ag na teorainneacha ag tarlú níos minice agus níos minice agus bíonn dúshláin éagsúla, imirce, slándála nó cosanta sibhialta ag gabháil leo. Is féidir leis na Ballstáit brath ar Frontex, an ghníomhaireacht chomhpháirteach atá freagrach as comhar oibríochtúil a bhainistiú ag na teorainneacha chun ár dteorainneacha a chosaint. Tá sásra láidir ag an nGníomhaireacht, go háirithe, le haghaidh mear-idirghabháil ag na teorainneacha seachtracha i gcásanna éigeandála, agus ní mór dó a bheith frithghníomhach agus in úsáid go hiomlán ag na Ballstáit. Is í ionstraim lárnach dhlúthpháirtíocht na hEorpa í i gcás deacrachtaí ag ár dteorainn sheachtrach.

PUBLIC

Sna cásanna sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le réimse níos leithne ionstraimí a shlógadh: d’fhéadfadh an ghníomhaireacht Frontex iad a chur ar fáil nó d’fhéadfadh sé gur uirlisí eile an Aontais Eorpaigh atá i gceist nó bealaí eile atá ar fáil do na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, measann an Uachtaránacht go bhfuil sé tábhachtach socruithe Eorpacha a neartú chun na gníomhaíochtaí tacaíochta a chomhordú chun na hacmhainní atá ar fáil a shlógadh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ardán dlúthpháirtíochta a chruthú lena mbeifí in ann, i gcás géarchéim ag teorainn sheachtrach an Aontais Eorpaigh, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– tairiscintí tacaíochta a chomhordú mar fhreagairt ar riachtanais na mBallstát;

– comhlántacht a áirithiú idir na hacmhainní arna slógadh ar an leibhéal Eorpach (Frontex, EUAA, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta) agus ranníocaíochtaí díreacha ó na Ballstáit;

– úsáid na n-acmhainní a chuireann na Ballstáit ar fáil go déthaobhach a mholadh, mar shampla, chun críocha na slándála inmheánaí, bunaithe ar Airteagal 17 de Chinneadh ‘Prum’ 2008/615/CGB

Mar thoradh ar an bplé a rinneadh ar an ábhar sin, tugann an Uachtaránacht dá haire nach struchtúr dlíthiúil breise é an t-ardán sin. Chuirfeadh sé leis na struchtúir atá ann cheana, amhail IPCR, d’fhonn comhordú níos dlúithe a dhéanamh ar thacaíocht Eorpach agus tacaíocht dhéthaobhach. D’áiritheofaí leis, dá bhrí sin, comhsheasmhacht agus leanúnachas na sásraí tacaíochta a mhol na gníomhaireachtaí agus na Ballstáit.